Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2020 – 2024

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Brollach | **02** |
| **ALT 01: ÁR gCOMHAIRLE** | **05** |
| Ár gComhairle | **06** |
| Ár gCathair | **08** |
| Ár bhFís agus ár Misean | **13** |
| Ár bPrionsabail | **15** |
| Ár n-éachtaí 2014 – 2019 | **16** |
| Ár dTimpeallacht Oibriúcháin | **20** |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Maitrís | **26** |
| **ALT 02: ÁR SPRIOCANNA** | **29** |
| Ár Spriocanna don Chathair 2020 – 2024 | **30** |
| Bearta Feidhmíochta Ardleibhéil | **45** |
| **ALT 03: ÁR nEAGRAÍOCHT** | **49** |
| Rialachas agus Struchtúr Eagraíochta | **51** |
| Baill Thofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | **52** |
| Conas a forbraíodh an Plean seo | **55** |
| Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath Spriocanna Ardleibhéil 2016 – 2021 | **56** |
| Straitéisí Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta Ábhartha | **58** |

# BROLLACH





Is mór an sásamh dúinn fís na Comhairle Cathrach a chur i láthair do Bhaile Átha Cliath inbhuanaithe agus dinimiciúil, lena dtacaíonn Comhairle Cathrach fhreagrúil agus nuálach a dhéanann soláthar do shaoránaigh, gnólachtaí agus cuairteoirí na cathrach.

Bunaítear na spriocanna agus na tosaíochtaí uaillmhianacha a leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo don tréimhse 2020 go 2024 ar dhearcthaí agus rannchuidiú Ball Tofa, na foirne agus na saoránach a bailíodh i rith próiseas forleathan comhairliúcháin in 2019. Cuirtear san áireamh iontu freisin meastóireacht ar na dúshláin atá roimh an gcathair agus na deiseanna a chruthaítear don chathair.


Beartaítear sa Phlean conair shoiléir ghníomhaíochta don Chomhairle Cathrach chun soláthar a dhéanamh ar na príomhthosaíochtaí don chathair agus chun freagairt do dhúshláin ar leith dhomhanda agus chomhshaoil áitiúil, shóisialta agus gheilleagracha ár linne.

Tacóidh sé le rannpháirtíocht an phobail agus le díriú ar shábháilteacht agus ionchuimsiú chun go leanann cathair a bheith i mBaile Átha Cliath ina gcuirtear fáilte roimh gach duine agus ina gcuirtear gach duine san áireamh


Chuige sin, lorgóidh an Chomhairle Cathrach chun dul i mbun gníomh éifeachtach i limistéar an athraithe aeráide i ngach gné dá cuid oibre ar mhaithe leis an nglúin reatha agus amach anseo. Tá an Chomhairle tiomanta freisin do níos mó tithíochta a sholáthar agus an úsáid is fearr a bhaint as talamh ghann uirbeach. Tacóidh sé le rannpháirtíocht an phobail agus le díriú ar shábháilteacht agus ionchuimsiú chun go leanann cathair a bheith i mBaile Átha Cliath ina gcuirtear fáilte roimh gach duine agus ina gcuirtear gach duine san áireamh. Tabharfaidh an Chomhairle faoi bhearta chun geilleagrach a chruthú a oibríonn do chách agus chun borradh geilleagrach a dhéanamh inbhuanaithe. Cinnteoidh sé freisin go bhfuil deiseanna agus spásanna ann do na healaíona, an cultúr agus gníomhaíochtaí spóirt agus beatha bheoga shráide sa chathair. Cuirfidh sé ar chumas mhuintir Bhaile Átha Cliath chun siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a úsáid agus cathair líonraithe a chruthú a bhaineann an leas is mó as féidearthachtaí Cathair Chliste ar mhaithe le caighdeán feabhsaithe beatha. Agus sinn ag oibriú chun é seo go léir a sholáthar, tá an Chomhairle Cathrach tiomanta do chomhoibriú le páirtithe leasmhara chun réitigh níos fearr a fhorbairt ar na dúshláin chasta atá romhainn.

Den chéad uair, tá ceangal soiléir sa Phlean idir spriocanna agus tosaíochtaí na Comhairle Cathrach agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus spriocanna Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath. I gcaitheamh an Phlean seo, forbróidh an Chomhairle bealaí chun a hobair agus a rannchuidiú a fhrámú i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach.

Ar deireadh, ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a chur in iúl do gach duine a chuir le hullmhú an Phlean seo.



Paul McAuliffe
**Ard-Mhéara**
**Bhaile Átha Cliath**



Owen P Keegan
**Príomhfheidhmeannach**






# ÁR gCOMHAIRLE

Clúdaíonn an chuid seo ár n-éachtaí le cúig bliana anuas.

# ÁR gCATHAIR

**554,554**

DAONRA NA CATHRACH

**115km²**

LIMISTÉAR TÍREOLAÍOCHTA NA CATHRACH



**18%**

ÉAGSÚLACHT: NÁISIÚNAIGH NEAMH-ÉIREANNACHA 18%

**50%**

GNÓTHACHTÁIL OIDEACHAIS: TÁ CÁILÍOCHT TRÍÚ LEIBHÉAL BAINTE AMACH AG 50%

**72%**

STRUCHTÚR AOISE AN DAONRA: TÁ 72% IDIR 15 AGUS 64 BLIAIN D'AOIS

Statistics sources include: CSO 2016, CSO 2019 and RSES 2019



**+58k**

RÉAMH-MHEASTACHÁN AN DAONRA A FHAD LEIS AN MBLIAIN 2026 = IDIR +58,000 AGUS 70,000

**169k**

DÉANANN 169,000 DUINE A CHÓNAÍONN LASMUIGH DE CHATHAIR COMAITÉIREACHT CHUN OIBRIÚ SA CHATHAIR

## GEILLEAGAR

FOSTAÍOCHT DE RÉIR EARNÁLA (RÉIGIÚNACH)

**MÓRDHÍOL AGUS MIONDÍOL**

**SLÁINTE DAOINE AGUS OBAIR SHÓISIALTA**

**FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID**

**ÁRACHAS AIRGEADAIS AGUS EASTÁT RÉADACH**

# ÁR gCOMHAIRLE

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceartlár gach uile rud a tharlaíonn sa chathair. Tá freastal déanta le fada an lá agus go bródúil againn ar an bpobal agus tá treo, borradh agus forbairt na Cathrach á stiúradh againn.

Is éard atá sa Chomhairle Cathrach ná 63 ball tofa ar thosaigh a dtéarma oifige i Meitheamh 2019.

63

Is éard atá sa Chomhairle Cathrach ná 63 ball tofa

I gcomhar leis na Baill Thofa, agus na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí comhpháirtíochta sa Chathair, cuireann foireann 5,900 duine na Comhairle breis agus 520 seirbhís éagsúil ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí Bhaile Átha Cliath agus do na daoine a thugann cuairt air.

### DÉANAIMID AN MÉID SEO A LEANAS TRÍNÁR BPRÍOMHSHEIRBHÍSÍ...

...an chathair a choimeád ag gluaiseacht trínár seirbhísí bainistíochta tráchta agus trínár seirbhísí cothabhála agus feabhsaithe na ríochta poiblí

...coimeádaimid an chathair ag fás trínár seirbhísí pleanála chun cinn agus bainistíochta forbartha

...coimeádaimid an chathair beo trínár seirbhísí tithíochta, ionchuimsithe shóisialta agus forbartha pobail

...coimeádaimid an chathair ag oibriú trínár seirbhísí forbartha geilleagraí agus fiontair áitiúil

...coimeádaimid an chathair spreagtha trínár seirbhísí ealaíon, leabharlainne, áineasa agus spóirt

...coimeádaimid an chathair sábháilte trínár seirbhísí éigeandála, trí chur chuige comhpháirtíochta agus cláir oideachais sábháilteachta

...coimeádaimid an chathair glas agus glan trínár seirbhísí bainistíochta comhshaoil agus dramhaíola agus ár bhfreagrachtaí as gníomhú ar son na haeráide

...tacaímid le daonlathas trí oibriú i gcomhar le hIonadaithe Tofa, líonraí agus comhpháirtithe ar fud na Cathrach






## ÁR bPLEAN CORPARÁIDEACH

Feidhmíonn an Plean Corparáideach seo mar chreat straitéiseach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh gníomhaíochta don tréimhse 2020 – 2024. Ullmhaíodh é i gcomhlíonadh an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Aithnítear agus cuirtear san áireamh sa Phlean, chomh maith, réimse beartais, straitéisí agus pleananna reatha Náisiúnta agus Eorpacha maidir le cláir agus gníomhaíochtaí atá lárnach maidir lenár spriocanna agus cuspóirí tosaíochta do na chéad chúig bliana eile amach romhainn.

## CUR I bhFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT

Is é an Plean Corparáideach ár gcreat ardleibhéil a ndéantar gníomhartha níos sonraí de sa Phlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil agus sna Pleananna Seirbhíse do gach ceann dár limistéir sheirbhíse.

Sonrófar i dtuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh dul chun cinn ar chuspóirí agus straitéisí tacaíochta an Phlean seo agus taispeánfar ann dul chun cinn i leith na mbeart ardleibhéil.

Coimeádfaidh Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Cathrach na Baill Thofa agus an pobal cothrom le dáta maidir lenár ngníomhaíochtaí agus éachtaí i gcaitheamh na bliana.

Beidh ceangal dlúth, chomh maith leis sin, idir an Plean Corparáideach agus ár bpróisis phleanála buiséid agus bhainistíochta riosca bhliantúla. Beidh an tionchar a imríonn na hacmhainní atá ar fáil – acmhainní airgeadais, daonna agus teicneolaíochta – mar chuid de phróiseas na tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn, anuas ar mheasúnú leanúnach ar na rioscaí féideartha agus na saincheisteanna maolaithe a bhaineann leis na bunspriocanna inghnóthaithe laistigh den Phlean Corparáideach.





# ÁR bhFÍS

## BAILE ÁTHA CLIATH: CATHAIR DHINIMICIÚIL INBHUANAITHE

Baile Átha Cliath: Cathair dhinimiciúil inbhuanaithe atá réidh don todhchaí, atá tógtha ar chomharsanachtaí agus pobail ionchuimsitheacha, geilleagar láidir, beatha chultúrtha bheoga agus borradh dlúth ceangailte.

# ÁR MISEAN

## COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH: STIÚRADH AGUS SOLÁTHAR Á DHÉANAMH DON CHATHAIR

Chun forbairt inbhuanaithe na Príomhchathrach a thabhairt chun cinn trí cheannaireacht láidir chathartha agus trí sheirbhísí éifeachtacha a chuireann folláine agus caighdeán beatha saoránach agus pobal chun cinn.






# ÁR bPRIONSABAIL

Cabhraíonn ár bprionsabail linn chun sinn a threorú i ngach gné dár gcuid oibre, conas a fhreastalaímid ar ár bpobail agus an tionchar a imrímid ar an timpeallacht i rith shaolré an Phlean Chorparáidigh seo.

## TIOMANTAS DO SHÁRSHEIRBHÍS PHOIBLÍ

Cuirfimid sársheirbhís phoiblí ar fáil, bunaithe ar na croíluachanna rialtais áitiúil seo a leanas: ionracas, iomláine, neamhchlaonadh agus freastal ar an leas coiteann, luachanna a léiríonn an fhoireann ag gach tráth ina gcuid iompair agus idirghníomhaithe lena chéile ag gach tráth leis an bpobal.

## INBHUANAITHEACHT

Déanfaimid ár gcathair a chosaint agus a fheabhsú chun caighdeán na beatha agus athléimneacht don ghlúin reatha agus don ghlúin amach anseo a uasmhéadú.

## CEANNAIREACHT

Déanfaimid ionadaíocht do gach saoránach Bhaile Átha Cliath agus oibreoimid le comhpháirtithe, gníomhaireachtaí agus an pobal chun athrú dearfach a bhaint amach don chathair.

## UAILLMHIAN

Féachfaimid chun cinn, tuigfimid agus déanfaimid pleanáil do na dúshláin amach romhainn agus beimid uaillmhianach maidir le deiseanna a chruthú don chathair.

## COTHROIME

Cuirfimid seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil dár gcustaiméirí go léir go cothrom agus cinnteoimid go bhfuil teacht ag gach duine ar ár seirbhísí agus go n-oireann siad do riachtanais fhairsinge daoine.

## CUNTASACHT

Beimid cuntasach agus freagrach as ár gcinntí go léir, agus cinnteoimid go gcuirtear in iúl iad ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

# ÁR n-ÉACHTAÍ 2014 – 2019

I rith ár bPlean Chorparáidigh dheireanaigh, rinne an Chomhairle dul chun cinn substainteach i measc na gcuspóirí straitéiseacha a leagamar amach romhainn féin, an méid seo a leanas ina measc:

## TITHÍOCHT AGUS TITHE

- Soláthraíodh breis agus 12,500 teach trínár dtacaíochtaí tithíochta sóisialta, soláthraíodh an chéad chéim d'athghiniúint ina measc sin ag Teach an Charnáin, Teach Naomh Mícheál agus Gairdíní Threasa
- Soláthraíodh 8,517 tionóntacht do theaghlaigh gan dídean ó 2017 go 2019
- d'Fheabhsaíomar breis agus 6,500 teach príobháideach ar cíos trí ghníomhartha a rinne ár nAonad Tithe Príobháideacha ar Cíos
- Críochnaíodh uasghráduithe fuinnimh ar bhreis agus 8,000 dár réadmhaoin tithíochta
- Freastalaíodh ar 44,647 glao amach chuig dóiteáin agus éigeandálaí eile

## IOMPAR AGUS AN RÍOCHT PHOIBLÍ

- Cuireadh feabhas ar an ríocht phoiblí ar Cheathrú Shráid Grafton agus ar Spás Cathartha Chill Mhaighneann
- Rinneadh bánna páirceála do chlubanna gluaisteán agus d'fheithiclí leictreacha amháin a shainiú
- Rinneadh ceiliúradh ar chothrom deich mbliana ó bunaíodh scéim dublinbikes de chuid Just Eat in 2019, agus 25 milliún aistear déanta orthu
- Cuireadh Comhdháil dhomhanda Velo-City 2019 ar siúl
- Croílár na Cathrach Máistirphlean Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach 2016

## SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA AGUS COMHSHAOIL

- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach 2015 – 2021 i gcomhar le húdaráis áitiúla máguaird
- Tugadh Glantachán bliantúil Fhoireann Bhaile Átha Cliath isteach
- Tugadh Seirbhís nua Bhailithe Dramhaíl Tí Théagartha isteach
- Críochnaíodh Tionscadal Teach Coire Bhaile Munna, i gcomhar le hIonad Rediscovery
- Cuireadh tionscadail mhóra chaipitil ar siúl, Stáisiún Caidéalaithe Fuíolluisce Dhuga Spencer agus Saoráid Dramhaíola go Fuinnimh Bhaile Átha Cliath ina measc

## PLEANÁIL AGUS FOIRGNIMH

- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2022
- Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí Iarthar an Phoill Bhig
- Cinntí déanta ar bhreis agus 10,000 cinneadh pleanála agus ar 5,300 gearán faoi fhorfheidhmiú pleanála
- Bunaíodh an tAonad Bainistíochta Gníomhaí Talún agus baineadh úsáid ghníomhach as an reachtaíocht maidir le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus Láithreáin Thréigthe chun príomhláithreáin a athghiniúint
- Osclaíodh an Músaem Tionóntáin ag 14 Sráid Henrietta agus rinneadh athchóiriú agus deisiú leanúnach ar Theach an Ard-Mhéara

## FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS POBAIL

- Rinneadh 1,052.5 glanphost a ghnóthú trí thacaíochtaí Oifig Fiontair Áitiúil
- Tugadh cúnamh do 40 cuideachta bheag a dhéanann réitigh a thástáil ar dhúshláin chathrach trí Iomaíocht an Taighde Nuálaíochta Gnólachtaí Beaga (TNGB) Bhaile Átha Cliath Cliste
- Ainmníodh Ceantar na Dugaí Cliste mar phríomhchlár ceantair chliste na Comhairle Cathrach
- Seoladh dublin.ie – láithreán gréasáin chomhfhorbartha áite agus bhrandála na Cathrach
- Bunaíodh an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus tá 740 grúpa cláraithe anois ann
- Straitéis Imeasctha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2016 – 2020

**12,500+**

Soláthair tithe trínár dtacaíochtaí tithíochta sóisialta



## SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA AGUS LEABHARLAINNE

- Soláthraíodh suim breis agus €4.25 milliún de dheontais agus sparánachtaí ealaíon agus pobail
- Cuireadh fáilte roimh bhreis agus 840,000 cuairteoir chuig Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane
- Bunaíodh Cuideachta Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ár gcuideachta chultúir
- Eisíodh breis agus 10.4 milliún earra leabharlainne
- Fuarthas cead pleanála do Leabharlann na Cathrach ag Cearnóg Parnell agus críochnaíodh an t-athchóiriú ar Leabharlann Shráid Chaoimhín

## SPÓRT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

- Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2017 – 2022
- Osclaíodh páirceanna nua ag Páirc Acra na gCraipithe agus Páirc na bhFíodóirí
- Uasghrádaíodh clóis súgartha ag Páirc na dTor, Páirc Mount Bernard, Páirc Choltraí Páirc agus Páirc Bhaile Sheáin
- Seoladh Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath
- Cuireadh fáilte roimh bhreis agus 6 milliún cuairteoir chuig ár líonra 32 ionad spóirt agus fóillíochta

## EVENTS IMEACHTAÍ AGUS CEILIÚRADH

- Cuireadh imeachtaí agus féilte bliantúla ar siúl, Ceoldráma faoin Spéir, Lá Fhéile Pádraig agus Féile na Rós ina measc ar siúl
- Imeachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán, Reflecting the Rising and Dublin Remembers / Is Cuimhin Linn 1916/2016
- Rinneadh ceiliúradh ar chothrom 300 bliain ó tógadh Teach an Ard-Mhéara in 2015
- d'Éirigh leis an tairiscint chun ceithre chluiche a óstáil i gCraobhchomórtais EURO 2020
- Tugadh tionscnamh Shoilse an Gheimhridh isteach

# 6 milliún

Breis agus 6 milliún cuairteoir chuig ár líonra 32 ionad spóirt agus fóillíochta

# ÁR dTIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Sna chéad 5 bliana eile amach romhainn, beidh dúshláin roimh agus deiseanna ar fáil do Bhaile Átha Cliath nach mór dúinn freagairt dóibh agus tús áite a thabhairt dóibh chun ár bhfís a fhíorú don Chathair.

Tá tionchar á imirt ag treochtaí domhanda, náisiúnta agus réigiúnacha ar an gCathair agus ar ár n-obair níos mó anois ná mar a imríodh riamh. Ar an gcuma chéanna, tá ár dtimpeallacht oibriúcháin inmheánach féin ag teacht chun cinn agus ag athrú de shíor. Caithfidh an Chomhairle Cathrach a bheith lúfar agus freagrúil i dtaobh oiriúnú do na tionchair seo agus nuair a bhíonn na deiseanna á dtapú a chruthaíonn athrú leanúnach chun soláthar a dhéanamh don Chathair.

Cuimsítear inár dtimpeallacht oibriúcháin saincheisteanna comhshaoil, geilleagracha, teicneolaíochtaí, rialála, sochaíocha agus eagraíochta. I measc na bpríomhthosca a imríonn tionchar ar ár gcuspóirí agus feidhmíocht i gcaitheamh thréimhse an Phlean seo, dar linn, tá an méid seo a leanas:

## GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Caithfidh an Chomhairle Cathrach príomhthús áite a thabhairt do shaincheist is práinní na linne seo - dul i mbun gnímh chun oiriúnú do thionchair chomhshaoil, gheilleagracha agus shóisialta an athraithe aeráide. Bronnadh ról lárnach ar údaráis áitiúla i ngníomhú ar son na haeráide agus mar gheall ar ár réimse fairsing feidhmeanna comhshaoil, geilleagracha agus gaolmhara, anuas ar ár ról ceannaireachta, is féidir linn tionchar nach beag a imirt sa limistéar seo.

Baineann ríthábhacht le tús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide agus glacadh le cur chuige uile-eagraíochta i leith déileáil leis chun go mbeidh an rath orainn. Céim thábhachtach chun ár n-obair a cheangal leis an iarracht dhomhanda i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe a fhorbairt is ea spriocanna agus tosaíochtaí an Phlean Corparáidigh seo a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (na SFIanna).

## BORRADH INBHUANAITHE CATHRACH

Leanann na géarbhrúnna atá ar thithíocht oiriúnach inacmhainne a sholáthar le dúshlán suntasach a chruthú.

Tá páirt lárnach ag baint amach na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach in Éire a Atógáil agus an gá atá lena chinntiú go soláthraítear tithíocht phoiblí agus phríobháideach ar an scála cuí agus ar an gcaighdeán cuí laistigh den Chathair chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Aithnítear i dTionscadal Éireann 2040 (an Creat Pleanála Náisiúnta) agus an Straitéis Spásúlachta agus Gheilleagrach Réigiúnach Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath mar phríomhchathair dhomhanda scála na hÉireann agus baineann páirt lárnach leis an rath a bhíonn air maidir le borradh geilleagrach inbhuanaithe na tíre. Ní heol go fóill na tionchair, dearfach ná diúltach, a imríonn Brexit ar gheilleagar Bhaile.

Le hiomaíochas geilleagrach amach anseo a chumasú, tosca tábhachtacha ratha iad borradh dlúth, feabhsú bonneagrach agus soláthar tithíochta. Baineann ríthábhacht leis an tábhacht a bhaineann le comhoibriú le húdaráis máguaird agus le comhpháirtithe cathrach agus idirnáisiúnta chun ár mborradh idirnáisiúnta amach anseo a bhaint amach.

## TEICNEOLAÍOCHT AGUS SONRAÍ

Leanann teicneolaíochtaí nua le tionchar mór a imirt ar an ngeilleagar, an tsochaí agus an t-ionadoibre agus tá go leor tionscail, próisis agus modhanna cumarsáide traidisiúnta á n-athrú ó bhonn acu.

Baineann ríthábhacht le bheith ar an eolas ar agus réidh chun leas a bhaint as treochtaí nua sa teicneolaíocht. Ar leibhéal eagraíochta, tá deiseanna suntasacha ann chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse, pleanáil agus riarachán trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua.

Cuirtear creat ar fáil i Straitéis Sonraí na hEarnála Poiblí 2019 – 2023, Ár Seirbhís Phoiblí 2020 agus i Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí inar féidir linn díriú ar ár dtosaíochtaí sa limistéar seo.

Baineann ríthábhacht le bheith ar an eolas ar agus réidh chun leas a bhaint as treochtaí nua sa teicneolaíocht.




Tá bunoibleagáid orainn chun díriú ar riachtanais agus caighdeán beatha saoránach agus gnólachtaí, arb iad ár bpríomhpháirtithe leasmhara.

## ATHRÚ BEARTAIS, REACHTAÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSE

D'oibrigh an Chomhairle Cathrach riamh anall i dtimpeallacht dhinimiciúil, ina bhfreagraíonn sí do bheartas, reachtaíocht, feidhmeanna agus struchtúir athraitheacha rialtais. Mar shampla, ó glacadh leis an bPlean Corparáideach mór deireanach, tugadh isteach beartais agus píosaí reachtaíochta móra nua, ar nós Éire a Atógáil agus an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, na Rialachán um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí, anuas ar phleananna athchóirithe na hearnála poiblí.

Le cúig bliana anuas, tá réimse feidhmeanna nua tugtha isteach againn faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Oifig Fiontair Áitiúil, ach go háirithe, agus chuireamar roinnt cláir athraithe agus nuálaíochta inmheánaí i bhfeidhm, ar nós Cathracha Cliste agus an Aonaid Chlaochlaithe.

Cruthaíodh go bhfuil ar ár gcumas againn oiriúnú don athrú agus ní mór dúinn leanúint le bheith freagrúil agus nuálach nuair a oiriúnaímid dár ról atá ag teacht chun cinn go leanúnach.

## DÍRIÚ AR SHAORÁNAIGH

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí agus mar cheannaireacht áitiúil dhaonlathach na Cathrach, tá bunoibleagáid orainn chun díriú ar riachtanais agus caighdeán beatha saoránach agus gnólachtaí, arb iad ár bpríomhpháirtithe leasmhara.

Tá athrú ag teacht ar an méid a mbíonn súil ag daoine leis i dtaobh conas is féidir leo ceangal agus idirchaidreamh a dhéanamh linn agus conas is féidir leo teacht a bheith acu ar a seirbhísí poiblí, go háirithe i ndiaidh na dteicneolaíochtaí nua agus na bpróiseas nua cumarsáide a tugadh isteach. Caithfidh an Chomhairle Cathrach a chinntiú go bhfuil na huirlisí agus na próisis is cuí i bhfeidhm chun na hionchais seo a shásamh agus go nglactar le díriú ar úsáideoirí nuair a bhíonn próisis seirbhíse á ndearadh.

## ÉAGSÚLACHT, COMHIONANNAS AGUS COTHROIME

Céimeanna tábhachtacha chun cinn don rialtas áitiúil é Dualgas na hEarnála Poiblí a leagtar ar gach comhlacht poiblí agus ár n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas chun creat a sholáthar inar féidir linn a chinntiú go bhfuil ár mbeartais, seirbhísí agus saoráidí cothrom agus inrochtana do chách.

D'fhorbair agus chomhaontaigh an Chomhairle Cathrach ar phlean gníomhaíochta chun an dualgas maidir le comhionannas agus cearta daonna san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm go leanúnach, i measc a cuid feidhmeanna go léir. Buntacóidh agus an plean seo le measúnú rollach ar shaincheisteanna comhionannais agus ceart daonna agus déanfaidh sé an measúnú sin a chur chun cinn i measc ranna éagsúla na Comhairle. Cumasóidh seo, ar a uain sin, nósanna imeachta oibríochtúla a fhorbairt chun gníomhartha a chuimsiú atá dóthanach chun dul i ngleic leis na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a rinneadh a mheasúnú.

## FOIREANN AGUS FORBAIRT FOIRNE

Baineann ríthábhacht lenár bhfoireann a choimeád agus a fhorbairt trí luaineacht, oiliúint agus úsáid éifeachtach a bhaint as a dtallann maidir leis an rath a bheidh ar an eagraíocht agus le cáilíocht ár seirbhísí.

Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an margadh earcaíochta ag éirí níos iomaíche i gcónaí, tá ar an gComhairle Cathrach béim a leagan ar a mealltacht mar áit le hoibriú ann, agus a chinntiú gur féidir linn leanúint leis an bhfoireann is fearr a mhealladh agus a choimeád chun soláthar a dhéanamh do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Baineann ríthábhacht le béim a chur ar fhorbairt, aitheantas agus oiliúint foirne chun go mbeidh rath leanúnach orainn chun tacú leis an acmhainn is luachmhaire atá againn.

## CISTIÚ

Caithfidh an Chomhairle oibriú laistigh de theorainneacha na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil di. In ainneoin timpeallacht gheilleagrach atá sách neamhurchóideach, tá dúshláin dheacra roimh an gComhairle Cathrach maidir le hoibriú laistigh den chóras reatha cistithe rialtais áitiúil.

Mar gheall ar chostais ar sheirbhísí atá ag dul i méid, agus mar gheall nach bhfuil ach méadú beag ag teacht ar ár mbonn ioncaim nó ar gcistiú lánroghnach, caithfear ioncam breise suntasach a thiomsú chun seirbhísí a chothabháil. Is féidir le héifeachtúlachtaí feabhsaithe agus díriú leanúnach ar luach ar airgead cabhrú leis an úsáid is fearr a bhaint as an gcistiú atá ar fáil.

## SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

Leanann an Chomhairle Cathrach le ról gníomhach a ghlacadh maidir le Tionscnaimh Sheirbhíse Comhroinnte a stiúradh agus páirt a ghlacadh iontu. Tá an méid seo a leanas á dhéanamh ag an gComhairle Cathrach, mar shampla:

- Is í an príomhúdarás áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Tógála, a sholáthraíonn maoirseacht, tacaíocht agus treorú chun Rialú Tógála a fhorbairt, a chaighdeánú agus a chur i bhfeidhm mar sheirbhís chomhroinnte éifeachtach sna 31 Údarás um Rialú Tógála
- Tá Comhaontú Seirbhíse á oibriú go rathúil aici le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar agus a chothabháil do Limistéar na Cathrach
- Tá seirbhísí do dhaoine gan dídean á soláthar aici do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath trí Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath (FDEDRBÁC)
- Is í an príomhúdarás áitiúil don chóras náisiúnta aonair comhroinnte leabharlann phoiblí, a cheadaíonn do gach úsáideoir leabharlainne sa tír chun teacht a bheith acu ar bhreis agus 12 milliún earra

Glacann an Chomhairle Cathrach páirt, chomh maith, i réimse tionscnaimh sheirbhíse comhroinnte eile le húdaráis áitiúla chomhpháirtí agus baineann sí tairbhe as na barainneachtaí scála agus na héifeachtúlachtaí a chruthaítear dá thoradh sin.



# SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE

Tá an Chomhairle Cathrach tiomanta do chathair inbhuanaithe a chruthú atá in ann an comhshaol a chothú agus atá cothrom i dtaobh cúrsaí sóisialta de amach anseo. Cuirtear treoirphlean ar fáil i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) na Náisiún Aontaithe don todhchaí sin.

Mar chuid den phróiseas déanta pleananna, rinneadh 30 ceann dár bpleananna agus beartais reachtúla agus chorparáideacha a mhapáil in aghaidh na 17 SFI le limistéir a thaispeáint ina bhfuil rannchuidiú ard, measartha nó íseal á dhéanamh againn leis na spriocanna.

Rinneamar mapáil, chomh maith leis sin, ar conas a chuirfidh spriocanna agus cuspóirí beartais an Phlean seo leis na SFIanna a bhaint amach agus conas is féidir linn iad a úsáid chun ár n-obair a fhrámú agus a threorú sna chéad 5 bliana eile amach romhainn. Sainaithníodh sa chleachtadh mapála 12 SFI lena gcuirfidh an Plean seo go gníomhach.

I gcaitheamh shaolré an Phlean seo, leanfaimid le bealaí a fhorbairt chun ár n-obair a fhrámú i gcomhthéacs na SFIanna. Is é an chéad chéim i dtreo an mhéid seo a bhaint amach ná spriocanna agus cuspóirí tosaíochta an phlean seo a cheangal leis na SFIanna.

| Leibhéal reatha de rannchuidiú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath idtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | |
|---|---|
| Rannchuidiú ard |  |
| Rannchuidiú measartha |  |
| Rannchuidiú íseal |  |








# ÁR SPRIOCANNA

Clúdaíonn an chuid seo ár seacht gcuspóir straitiseacha agus an chaoi a mbaineanna siad le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Naisiúin Aontaithe agus le Spriocanna Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021.

# Ár Spriocanna don Chathair 2020 – 2024






# 01

## Oibriú i dtreo cathair ghlas ísealcharbóin a bhaint amach

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i bhfoirgnimh agus oibríochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus Cathair a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath atá níos seasmhaí ó thaobh na haeráide de ina bhfuil saoránaigh atá gníomhaithe agus atá ar an eolas. | • Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm<br>• Córais "ghlasa" dhúlrabhunaithe choimeádta agus cóireála uisce dromchla a chuimsiú laistigh de gach tionscadal ríochta poiblí amach anseo, sa chás gurb indéanta, agus a spreagadh go nglactar lena mhacasamhail de chleachtais i bhforbairtí príobháideacha |
| Oibriú i gcomhar le húdaráis agus páirtithe leasmhara ábhartha máguaird chun bithéagsúlacht Chathair Bhaile Átha Cliath a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn | • Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2015 – 2020 agus Plean Gníomhaíochta Speiceas Ionrach Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú<br>• Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú<br>• Leanúint le Comhpháirtíocht Bhithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath a stiúradh chun spriocanna caomhnaithe a bhaint amach |
| Ceannaireacht dhaingean a sholáthar chun gníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun cinn ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus trí thiomantas a léiriú d'athrú ar ár gcleachtais féin | • Aghaidh a thabhairt ar ár dtiomantas féin faoin gCairt Aeráide d'Údaráis Áitiúla chun dícharbónú, forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide a leabú i ngach gné den obair a dhéanaimid<br>• Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus tacú leis a dhéanfaidh gníomhú ar son na haeráide ar fud na Comhairle Cathrach a stiúradh agus a chomhordú<br>• Tacú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus comhoibriú le húdaráis máguaird lena chinntiú go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir<br>• A chur ar chumas pobal chun freagracht a ghlacadh as a dtimpeallachtaí áitiúla trí chláir ar nós na mBailte Slachtmhara agus Dhámhachtainí Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath |
| AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP | |
| AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA | 7 · 13 · 15 |

# 02

## Comharsanachtaí sábháilte faoi rath a thógáil


| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Tithe ardchaighdeáin a sholáthar ar an scála a theastaíonn | • Tabhairt faoinár spriocanna bliantúla a bhaint i dtaobh aonaid tithíochta sóisialta a sholáthar<br>• Ár stoc tithíochta reatha a athnuachan agus a athghiniúint ar bhonn cláreagraithe<br>• A chinntiú go soláthraítear tithe agus foirgnimh nua i leith na gcaighdeán a theastaíonn trí Chóras dian um Rialú Tógála a oibriú don chathair<br>• Mar an Príomh-Údarás Áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Tógála, chun cultúr chomhlíonadh na rialachán tógála a chur chun cinn tríd an oideachas agus trí scéim neartaithe cigireachta<br>• An caighdeán cóiríochta príobháidí ar cíos a choimeád trí chigireacht agus forfheidhmiú réamhghníomhach rialachán<br>• Faighteoirí eile forlíonadh cíosa a aistriú chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta<br>• Beartas daingean a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha a thacaíonn le comharsanachtaí measctha a chruthú, ina bhfuil réimse saghsanna tithíochta agus saoráidí agus seirbhísí cuí |
| Comharsanachtaí measctha a chruthú a bhfuil rogha de shaghas agus tionacht tithíochta acu | • Réimse de na saghsanna cuí tithíochta sóisialta agus forbairtí a thacaíonn le daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu a sholáthar agus a éascú<br>• An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm<br>• Réimse tacaíochtaí tithíochta a sholáthar lena chur ar chumas daoine fanacht i dtithíocht atá cuí maidir lena riachtanais nó an tithíocht sin a fháil |
| Iarracht éifeachtach a dhéanamh chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne | • Comhoibriú le ranna rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun an tsamhail tithíochta inacmhainne / cíosa costais a fhorbairt<br>• Straitéis Tithíochta a fhorbairt a gcuireann Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta ar an eolas í mar chuid den chéad Phlean Forbartha |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Dul i ngleic le heaspa dídine trí thrí phríomhlimistéar oibrithe – cosc, cosaint agus dul chun cinn | • Creat an Phlean Gnó do Dhaoine gan Dídean do Bhaile Átha Cliath 2019 – 2021 a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil<br>• Luath-idirghabháil a sholáthar do dhaoine atá thíos le heaspa dídine, nó atá i mbaol easpa dídine<br>• Daoine a chosaint atá thíos le heaspa dídine trí chóiríocht éigeandála agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar<br>• Conairí a fhad le réitigh tithíochta fadtéarmaí a shainaithint agus a chumasú, iad siúd do dhaoine a chodlaíonn amuigh ina measc, tríd an gclár Tús Áite do Thithíocht |
| Ár bpáirt a ghlacadh le sábháilteacht a chinntiú do dhaoine ina dtithe, gnólachtaí agus sa ríocht phoiblí | • D Seirbhísí Dóiteáin, Tarrthála agus Otharcharranna Éigeandála a sholáthar do phobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus chontaetha Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin<br>• Oibriú go comhoibritheach leis an nGarda Síochána agus an Comhchoiste Póilíneachta chun iompar frithshóisialta agus saincheisteanna sábháilteachta pobail a chomhrac<br>• Coimpléisc agus eastáit tithíochta na Comhairle Cathrach a bhainistiú go héifeachtach<br>• Forbairt timpeallachta tógtha agus spásanna poiblí a chur chun cinn atá ceaptha an choireacht agus iompar frithshóisialta a dhíspreagadh, a chuireann an tsábháilteacht chun cinn agus atá ar aon dul le prionsabail an dearaidh uilíoch<br>• Tacú le rannpháirtíocht an phobail maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil trínár gcláir oideachais agus feasachta ar shábháilteacht ar dhóiteán, uisce agus ar bhóithre<br>• Ullmhú a dhéanamh do agus freagairt chomhordaithe idirghníomhaireachta a dhéanamh d'éigeandálaí móra ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach ar aon dul leis an gCreat um Éigeandálaí Móra |
| AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP |  |
| AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA |  |




# 03



## Leanúint le geilleagar láidir éagsúil a fhás

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Tacú go réamhghníomhach le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a chruthú agus a neartú sa chathair | • Réimse tacaíochtaí a chur ar fáil, Céad-Ionad Freastail agus an Clár Work Matters ina measc, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun forbartha<br>• Tacaíocht a sholáthar d'earnálacha geilleagracha a shainaithnítear:<br>  • Teicneolaíocht<br>  • Fiontar sóisialta<br>  • Gnó glas/geilleagar ciorclach<br>  • Turasóireacht<br>  • Margaí<br>  • Bia<br>  • Dearadh<br>• Láithreacha a shainaithint agus soláthar réimse cóiríochta cuí a éascú d'fhorbairt gnó, moil fiontraíochta agus spás comhoibrithe |
| Pleanáil agus soláthar a dhéanamh do bhorradh geilleagrach na cathrach amach anseo trí threochtaí geilleagracha nua a thuiscint agus freagairt dóibh | • Athbhreithniú a dhéanamh ar Cathair Bhaile Átha Cliath: Forbairt Gheilleagrach a Chur chun Cinn 2018 – 2021<br>• Fóram Geilleagrach a bhunú chun earraí a shainaithint chun breithniú a dhéanamh ar an bhForbairt Gheilleagrach agus ar an gCoiste Beartais Straitéisigh Fiontraíochta agus ar thionscadail taighde d'institiúidí tríú leibhéal<br>• Monatóir Geilleagrach Bhaile Átha Cliath ráithiúil a fhoilsiú |
| Iomaíochas Réigiún na Cathrach a neartú trí chomhoibriú leanúnach lenár n-údaráis máguaird agus cur lenár gceangail idirnáisiúnta | • An chathair a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar áit le hinfheistiú ann, cuairt a thabhairt air agus cónaí ann trí dublin.ie<br>• Na naisc lenár gComhchathracha a neartú trí thionscnaimh agus mhalartuithe comhthairbhiúla agus gníomhú mar chéad phointe teagmhála do thoscaireachtaí a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar an gcathair, ar ghnólachtaí agus ar an rialtas<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Fiontraíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath a fhad le 2020<br>• Leanúint le Comhpháirtíocht Bhithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath a stiúradh chun spriocanna éiceathurasóireachta agus forbartha a bhaint amach |
| **AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP** |  |
| **AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA** |  |

# 04

# Borradh dlúth a chur chun cinn le bonneagar ceangailte

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Ról ceannaireachta a ghlacadh i gcomhoibriú le comhpháirtithe cathrach chun córas iompair phoiblí níos comhtháite sa chathair a fhairsingiú agus a thógáil | • Oibriú le Bonneagar Iompair Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun MetroLink a thabhairt chun cinn agus chun tionscadal Bus Connects a éascú<br>• Bonneagar rothaíochta a sholáthar mar chuid de Bus Connects agus ceangal a dhéanamh le Metrolink<br>• Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a sholáthar le borradh a chumasú ar an líon paisinéirí iompair phoiblí agus ar mhodhanna gníomhacha<br>• Moltaí Chathair Bhaile Átha Cliath ó ghréasán Rothar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm |
| Réimse roghanna taistil eile agus atá ag teacht chun cinn a sholáthar agus tacú leis, atá dírithe, ach go háirithe, ar rothaíocht agus siúl | • Moltaí Chathair Bhaile Átha Cliath ó ghréasán Rothar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm<br>• An méid spáis do choisithe a mhéadú i lár na cathrach agus a chinntiú go bhfuil sé ar ardchaighdeán<br>• An úsáid a bhaintear as moil luaineachta agus imeascadh na modhanna inbhuanaithe go léir isteach i socrú Luaineacht mar Sheirbhís<br>• Leanúint lenár gcórais iompair chliste a fhorbairt agus le húsáid a bhaint as cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí le haghaidh pleanáil iompair, ina gcuimsítear ionsamhlúchán cathrach, córais tosaíochta busanna agus Córas Iompair Oiriúnaithigh Chomhordaithe Sydney (SCATS) atá beagnach ar bhonn fíor-ama |
| Treorú agus fís a sholáthar maidir le bonneagar digiteach a sholáthar lena chur ar chumas na cathrach na deiseanna a sholáthraíonn an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a thapú | • Bonneagar teileachumarsáide agus TFC ardtoillte a spreagadh agus a éascú i láithreacha cuí ar fud na cathrach mar bhealach chun feabhas a chur ar iomaíochas geilleagrach agus chun cur le gluaiseacht inbhuanaithe tríd an ngá atá le taisteal a laghdú<br>• Ceantar na Dugaí Cliste a chomhdhlúthú mar áit tástála do thionscnaimh nua a bhaineann leis an teicneolaíocht<br>• Úsáid a bhaint as bonneagar reatha agus nua digiteach lena chinntiú go n-oibrítear na príomhchonairí isteach chuig an gcathair ar bhealach atá ceangailte le ITS chun conairí bainistithe a sholáthar do bhusanna agus le gluaiseacht shábháilte agus éifeachtúil a chinntiú<br>• Foinse iontaoibh dhigiteach a chur i bhfeidhm d'fheithiclí ceangailte agus féinrialaitheacha agus a chinntiú go bhfuil léarscáiliú ardchaighdeáin dhigiteach ann |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Dlús inbhuanaithe agus an úsáid is fearr a bhaint as talamh a mbaintear gannúsáid aisti, atá folamh agus talamh athfhorbraíochta a spreagadh agus a éascú | • An Plean Forbartha Cathrach agus Pleananna Ceantair Áitiúil a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm leis an úsáid is fearr a bhaint as talamh na cathrach d'fhorbairt amach anseo a chinntiú<br>• Athfhorbairt Chrios Forbartha Straitéisí, Forbairt Straitéiseach agus Limistéir Athghiniúna agus athfhorbairt chuí bhunachair thalún thionsclaíocha Cheantar na nDugaí a éascú agus a chur chun cinn<br>• An úsáid is fearr a bhaint as talamh agus foirgnimh a chur chun cinn, príomhláithreáin faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina measc, trí chur chuige gníomhach bainistíochta talún agus bainistíocht éifeachtach ar phunann réadmhaoin tráchtála na Comhairle Cathrach<br>• A spreagadh cónaí i lár na cathrach trí chónaí in árasán ardchaighdeáin a chur chun cinn |
| Ár ríocht phoiblí a chothabháil agus a fheabhsú agus sraith cheangailte de spásanna agus ceangail phoiblí ardchaighdeáin a sholáthar a bhfuil teacht uilíoch orthu | • Bonneagar sráide agus cosán, soilsiú poiblí agus troscán sráide na cathrach a chothabháil agus a bhainistiú le ríocht phoiblí shábháilte, inrochtana agus ardchaighdeáin do chách a chinntiú<br>• An clár céimnithe tionscadal i Máistirphlean Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach 2016-2034 a chur i bhfeidhm<br>• Na tograí leasaithe do Phlás Fhaiche an Choláiste a thabhairt chun cinn<br>• Na próisis choincheapa, dearaidh agus tógála do phríomhthionscadail bhonneagracha droichid a stiúradh |
| I gcomhar le hUisce Éireann, bonneagar Seirbhísí Uisce a bhainistiú agus a fheabhsú | • An Comhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar an gclár oibre comhaontaithe |
| **AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP** |  |
| **AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA** |  |

# 05

# Tacú le agus tabhairt faoi phobail ghníomhacha ionchuimsitheacha


| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| An deis a thabhairt do dhaoine chun teacht a bheith acu ar chaitheamh aimsire taobh amuigh agus ar thimpeallachtaí nádúrtha trínár ngréasán de pháirceanna agus spásanna glasa a fheabhsú agus a fhairsingiú | • Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2017 – 2022 a chur i bhfeidhm<br>• Leanúint ag tacú le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rochtain ar na sléibhte a bhaint amach do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath agus do chuairteoirí chuig Baile Átha Cliath |
| Saoránacht ghníomhach i bpobail chathrach agus idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara a éascú | • Tionscnaimh forbartha áitiúla agus ionchuimsithe shóisialta a fhorbairt tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil<br>• Tacú le gníomhartha agus obair a shainaithint atá le tabhairt chun cinn faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021 agus plean nua a fhorbairt atá le tosú in 2022<br>• Rannpháirtíocht a neartú tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus Comhairle na nÓg a fhorbairt<br>• Forbairt pobail áitiúil a chumasú agus a neartú trínár gcláir forbartha agus idirchaidrimh pobail<br>• Gach ceann dár gcomhairliúcháin phoiblí a chur ar fáil ar mhol comhairliúcháin ar líne na Comhairle Cathrach, agus sna formáidí traidisiúnta ina measc<br>• An t-ardán 'Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghlór' ('Your Dublin, Your Voice') a bhainistiú chun dearcthaí daoine a fháil ar réimse saincheisteanna |
| Pro Ionchuimsiú agus éagsúlacht shóisialta a chur chun cinn trí oibriú le grúpaí i measc gach earnála den phobal agus iad a chumasú | • Athbhreithniú a dhéanamh ar na Straitéisí Ionchuimsithe Shóisialta, Imeasctha agus a Thacaíonn le Daoine Breacaosta<br>• Spásanna fáilteacha agus ionchuimsitheacha a sholáthar do chách i measc an ghréasáin leabharlann poiblí<br>• Leanúint le láithreáin agus foirgnimh chuí a sholáthar d'úsáid an phobail |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Feabhas a chur ar shláinte agus folláine phobal sa chathair tríd an teacht ar spórt, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht shláintiúil, agus an rannpháirtíocht iontu, a mhéadú | • Athbhreithniú a dhéanamh ar STRIDE: 2017–2020, Straitéis Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Straitéis Imeartha nua Chathair Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm |
| **AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP** | |
| **AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA** | |

# 06

## Beatha chultúrtha bheoga a chothú

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Stair, cultúr agus traidisiúin liteartha na cathrach a cheiliúradh chun cur leis an luach a chuireann siad le haitheantas, sochaí agus geilleagar na cathrach | • Leabharlanna Neamhtheoranta: Treoir Straitéiseach do Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2019 – 2023 (Libraries Unlimited: A Strategic Direction for Dublin City Libraries 2019 – 2023) a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Straitéiseach Chathair Litríochta UNESCO 2020 – 2022 nua trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm<br>• Feasacht ar an nGaeilge agus an áit ar leith atá aici agus an méid a chuireann sí le héagsúlacht chultúrtha ár gCathrach a aithint<br>• Ár gclár forbartha ealaíon a chur i bhfeidhm<br>• Oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus dea-chleachtas caomhnaithe a thabhairt chun cinn, úsáid oiriúnaitheach a bhaint as foirgnimh stairiúla ina measc<br>• Leanúint le stair agus oidhreacht uathúil Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí fheasacht a mhúscailt ar ár seandálaíocht Lochlannach agus Mheánaoiseach, Deich mBliana na gCuimhneachán, tionscadail dhigiteacha agus imeachtaí, foilseacháin agus tionscadail chomhpháirtíochta eile<br>• Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath plean 2020 – 2025 nua cúig bliana a ullmhú<br>• Clár taispeántas den chéad scoth de shaothair ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta de chuid Dhánlann Hugh Lane a chothabháil<br>• A chinntiú go mbainistítear ár bhfoirgnimh chathartha, phoiblí agus oibríochtúla ar bhealach a chuireann na saoráidí is airde caighdeáin ar fáil don phobal agus a dhéanann príomhfhoirgnimh stairiúla a chothabháil thar ceann an phobail |
| Éagsúlacht a chumasú sa teacht a bhíonn ar na healaíona agus an cultúr chun an deis a thabhairt do gach duine chun páirt a ghlacadh | • Éagsúlacht a shainaithint agus a dhoiciméadú ar léir í i gcláir reatha agus na deiseanna a liostú chun rochtain agus éagsúlacht a mhéadú<br>• Sceideal tionscadal agus cláir rannpháirtíochta oideachais a sholáthar a spreagann rannpháirtíocht sna hamharcealaíona i measc réimse spriocghrúpaí<br>• Clár dírithe agus cruthaitheach a sholáthar i measc gach cinn de bhunscoileanna Bhaile Átha Cliath a dhéanann idirchaidreamh go díreach le bailiúchán ealaíne na cathrach<br>• Beocht a chur i spásanna leabharlainne le clár imeachtaí éagsúil agus ionchuimsitheach |

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
|---|---|
| Deis oideachais a éascú trí chláir agus cistiú | • Clár éagsúil a sholáthar ar fud an ghréasáin bhrainsí leabharlainne agus díriú ar litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus tacú le gluaisteacht na ndéantóirí |
| Beocht a chur i spásanna cathrach trí réimse imeachtaí, féilte agus deiseanna a sholáthar agus tacú leo do dhaoine chun ceiliúradh a dhéanamh agus teacht le chéile | • Réimse fairsing imeachtaí, féilte agus páirceanna a fhorbairt, a chistiú agus tacú leo<br>• Margaí, corrthrádáil agus feidhmíocht sráide na cathrach a cheadúnú ar bhealach a fheabhsaíonn eispéireas cathrach daoine<br>• Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a sholáthar ar bhonn céimnithe |
| Soláthar saoráidí ealaíon agus cultúrtha a spreagadh agus tacú leis lena chinntiú go bhfuil an spás i mbeatha chultúrtha na cathrach chun bheith faoi bhláth | • Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a sholáthar ar bhonn céimnithe<br>• Tabhairt faoi iniúchadh ar spásanna oibre ealaíontóirí agus easnamh agus deiseanna á sainaithint aige chun foirgnimh a aistriú chuig úsáid /spásanna oibre cultúrtha<br>• Leanúint le staidéar indéantachta a dhéanamh ar láithreáin atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do spásanna oibre ealaíontóirí agus oibriú le forbróirí chun spásanna oibre ealaíon agus cultúrtha a leabú i bhforbairtí nua<br>• Dánlann Lane a fhairsingiú chun sciathán nua a chur san áireamh ann i mBarra an Teampaill le haghaidh spás dánlainne agus clár |
| **AILÍNIÚ LE SPRIOCANNA AN PÁEP** |  |
| **AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA** |  |

# 07

## Comhairle Cathrach níos freagrúla agus níos nuálaí a dhéanamh

| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
| --- | --- |
| Tacú le cultúr nuálaíochta, oiliúna agus forbartha | • A chinntiú go bhfuil ár ndearadh agus struchtúr cuí ar mhaithe le tabhairt faoinár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha, ar aon dul le Straitéis Daoine an Údaráis Áitiúil<br>• Timpeallacht d'fheabhsú agus d'fhorbairt leanúnach a chothú dár bhfoireann<br>• An fhoireann a éascú chun glacadh le cur chuige nuálach ina gcuid oibre trí thionscnaimh, ar nós BETA CCBÁC a fhorbairt go leanúnach |
| Ár bhfís, éachtaí agus seirbhísí a chur chun cinn trí chumarsáid fheabhsaithe réamhghníomhach | • Láithreán gréasáin na Comhairle Cathrach a athdhearadh go bhfeidhmeoidh sé mar thairseach ar líne agus mar acmhainn faisnéise atá éasca le húsáid<br>• Leas a bhaint as an aimsiú agus na deiseanna a sholáthraíonn na meáin shóisialta chun cumarsáid agus idirchaidreamh leis an bpobal a fhairsingiú<br>• Uirlisí a fheabhsú le haghaidh cumarsáid inmheánach chun go gcoimeádtar an fhoireann ar an eolas gan stró ar gach forbairt ábhartha |
| Ár ról ceannaireachta cathartha a neartú agus cuid bhunúsach den bhealach a oibrímid a dhéanamh de chomhoibriú | • Córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na Baill Thofa ina ról<br>• Comhoibriú éifeachtach a chruthú le húdaráis áitiúla eile agus eagraíochtaí earnála poiblí, an saol acadúil, gnólachtaí, saoránaigh agus comhpháirtithe idirnáisiúnta |
| Leanúint ag díriú ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a sholáthar chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar do shaoránaigh agus custaiméirí | • An Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus a athnuachan<br>• Cainéil teagmhála custaiméirí a fheabhsú agus a chuíchóiriú chun é a dhéanamh níos fusa don phobal chun teacht ar a seirbhísí nuair is áisiúil dóibh agus ar an mbealach is áisiúil dóibh<br>• Ról an Ionaid Seirbhísí do Chustaiméirí a fheabhsú agus a fhairsingiú mar ár bpríomhphointe teagmhála nuair a bhíonn teacht á fháil acu ar sheirbhísí |



| CUSPÓIR TOSAÍOCHTA | STRAITÉIS TACAÍOCHTA |
| --- | --- |
| An úsáid a bhainimid as teicneolaíocht agus sonraí i gcinnteoireacht agus soláthar seirbhíse a chlaochlú | • Straitéis Dhigiteach don Chathair a fhorbairt, lena n-áirítear ár réimse seirbhísí digiteacha agus ar líne a fhairsingiú<br>• Leanúint le Tionscnamh na Cathrach Cliste a fhairsingiú chun úsáid teicneolaíochtaí nua inár soláthar seirbhíse a fhiosrú agus triail a bhaint as<br>• Straitéis Bainistíochta Sonraí a fhorbairt don eagraíocht a fheabhsaíonn conas a bhainistítear, a úsáidtear agus a athúsáidtear ár sonraí, agus a fheabhsaíonn caighdeán na seirbhíse trína húsáid |
| Oibriú chun cearta daonna agus comhionannas a shuíomh i gcroílár an bhealaigh a thugaimid faoinár bhfeidhmeanna | • Ár bPlean Gníomhaíochta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm i gcaitheamh shaolré an Phlean Chorparáidigh seo<br>• Na gníomhartha a chur chun cinn atá sa Phlean um Chur i bhFeidhm Míchumais |
| **AILÍNIÚ LEIS NA SFIANNA** |  |





# BEARTA FEIDHMÍOCHTA ARDLEIBHÉIL

| SPRIOC | BEART FEIDHMÍOCHTA ARDLEIBHÉIL |
|---|---|
| **Sprioc 1:** Oibriú i dtreo cathair ghlas ísealcharbóin a bhaint amach | • Dul chun cinn ar an méid seo a leanas a bhaint amach:<br>– feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoin mbliain 2020<br>– laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoin mbliain 2030<br>• Dul chun Cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise/an phlean |
| **Sprioc 2:** Comharsanachtaí sábháilte faoi rath a thógáil | • Táscairí Seirbhíse Náisiúnta - Tithíocht:<br>– Aschur tithíochta sóisialta<br>– Athligean<br>– Deisiúchán agus cothabháil<br>– Iasachtaí tithíochta a bailíodh<br>– Cigireachtaí agus comhlíonadh tithíochta ar cíos san earnáil phríobháideach<br>– Cigireachtaí ar Rialú Tógála<br>• Táscairí Seirbhíse Náisiúnta: Seirbhísí Dóiteáin<br>• Dul chun cinn ar spriocanna soláthair 3 bliana a leagtar amach i dTuarascáil Soláthair Tithíochta Mhíosúil<br>• Dul chun cinn ar spriocanna soláthair a bhaint amach le haghaidh saghsanna tithíochta sóisialta ar leith<br>• Líon na dtithe a oiriúnaíodh/ a feabhsaíodh trí dheontais a eisíodh<br>• Líon na n-iasachtaí tí de chuid Éire a Atógáil a eisíodh<br>• Tugadh an HNDA agus an Straitéis Tithíochta chun críche<br>• Líon na ndaoine agus/nó na dteaghlach<br>– ar cabhraíodh leo gan a bheith gan dídean<br>– atá i gcóiríocht éigeandála ag tráth ama<br>– ina bhfuil cóiríocht éigeandála á fágáil acu agus ina bhfuil tionóntachtaí a n-iontráil acu |

# BEARTA FEIDHMÍOCHTA ARDLEIBHÉIL

| SPRIOC | BEART FEIDHMÍOCHTA ARDLEIBHÉIL |
| --- | --- |
| **Sprioc 3:** Leanúint le geilleagar láidir éagsúil a fhás | • Táscairí Seirbhíse Náisiúnta: Forbairt Gheilleagrach – Líon na bpost a chruthaíodh<br>• Líon na ngnólachtaí ar tacaíodh leo<br>• Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise/an phlean<br>• Staitisticí gníomhaíochta do dublin.ie<br>• Líon na nasc trádála a cruthaíodh<br>• Líon na gcomhpháirtíochtaí nua a cruthaíodh |
| **Sprioc 4:** Borradh dlúth a chur chun cinn le bonneagar ceangailte | • Táscaire Seirbhíse Náisiúnta – Pleanáil<br>• Dul chun cinn ar thionscadail mhóra a phleanáil agus a chur i bhfeidhm<br>• Comhaireamh tródaim chanála agus an méadú ar mhodhanna inbhuanaithe in aghaidh trácht gluaisteán príobháideach<br>• Céatadán na ndaoine a rothaíonn<br>• Dul chun cinn ar Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm<br>• Céatadán an phríomhghréasáin rothar a cuireadh i bhfeidhm<br>• Figiúirí líon na gcoisithe limistéir lár na cathrach<br>• Méadú ar shaghsanna éagsúla luaineachta agus a éasca atá sé athrú ó shaghas amháin go ceann eile<br>• Ráta timpistí agus saghas an teagmhais<br>• Sonraí a úsáid leis an imeacht ón sceideal iompair phoiblí agus leis an rátáil chomhtháite ar a fheabhas atá ag éirí le hiompar poiblí a dheimhniú<br>• Céatadán na gconairí a bhfuil cumhdach iomlán C-ITS acu<br>• Líon na dtionscnaimh atá ar bun maidir le Ceantar na Dugaí Cliste<br>• An ráta glactha le Tionscnamh na Cathrach Beo<br>• Líon na láithreán folamh agus tréigthe ar tosaíodh le húsáid a bhaint astu<br>• Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise/an phlean |

| SPRIOC | BEART FEIDHMÍOCHTA ARDLEIBHÉIL |
| --- | --- |
| **Sprioc 5:** Tacú le agus tabhairt faoi phobail ghníomhacha ionchuimsitheacha | • Táscaire Seirbhíse Náisiúnta: Pobal<br>– Comhairle na nÓg<br>– Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)<br>• Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise/an phlean<br>• Líon na gcomhairliúchán a foilsíodh/ar tugadh fúthu |
| **Sprioc 6:** Beatha chultúrtha bheoga a chothú | • Táscaire Seirbhíse Náisiúnta: Seirbhís Leabharlainne<br>• Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise/an phlean<br>• Dul chun cinn ar an ngréasán brainsí leabharlainne agus ar chlár tógála agus athchóirithe Dhánlann Hugh Lane<br>• Líon na gclár, na n-imeachtaí agus na bhféilte a cuireadh ar siúl /a soláthraíodh<br>• Méid an spáis chultúrtha a cruthaíodh agus a úsáideadh |
| **Sprioc 7:** Comhairle Cathrach níos freagrúla agus níos nuálaí a dhéanamh den Chomhairle Cathrach | • Táscaire Seirbhíse Náisiúnta: Corparáideach<br>• Líon na laethanta oiliúna<br>• Monatóireacht ráithiúil a dhéanamh ar aimsiú agus ar idirchaidreamh ar chainéil na meán sóisialta<br>• Dul chun cinn ar chóras/tionscnaimh nua<br>• Líon na seirbhísí ar dhéileáil Seirbhís do Chustaiméirí leo<br>• Dul chun Cinn ar straitéis/phlean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm |




# ÁR SPRIOCANNA

Clúdaíonn an chuid seo r structúr eagraóchta, straitisí breise bhartha agus conas a forbraíodh an plean seo.


# RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA

Oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tríd an gComhairle Cathrach agus 5 Choiste Ceantair.

Tá an tArd Mhéara mar chathaoirleach ar an gComhairle, a thoghann na Baill gach bliain. Déanann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus 7 gCoiste Beartais Straitéisigh beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Déanann an Príomhfheidhmeannach, lena dtacaíonn 5,900 fostaí, maoirseacht ar bhainistíocht laethúil na Comhairle.





# BAILL THOFA CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE

## GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

**An tArd-Mhéara**

**An Comh. Gary Gannon (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)**
An CBS Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Caithimh Aimsire

**An Comh. Claire O'Connor (Fianna Fáil)**
An CBS um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontraíocht

**An Comh. Michael Pidgeon (an Comhaontas Glas)**
An CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh

**An Comh. Séamas McGrattan (Sinn Féin)**
An CBS Airgeadais

**An Comh. Alison Gilliland (Páirtí an Lucht Oibre)**
An CBS Tithíochta

**An Comh. Ray McAdam (Fine Gael)**
An CBS um Pleanáil agus Foirm Uirbeach

**An Comh. Christy Burke (Neamhspleách)**
An CBS Tráchta agus Iompair

## CEANTAR AN IARTHUAISCIRT

### Baile Munna – Fionnghlas

An Comh. Mary Callaghan (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)
An Comh. Anthony Connaghan (Sinn Féin)
An Comh. Keith Connolly (Fianna Fáil)
An Comh. Caroline Conroy (an Comhaontas Glas)
An Comh. Paul McAuliffe (Fianna Fáil)
An Comh. Noeleen Reilly (Neamhspleách)

## CEANTAR AN LÁRTHUAISCIRT

### Cluain Tarbh

An Comh. Donna Cooney (an Comhaontas Glas)
An Comh. Deirdre Heney (Fianna Fáil)
An Comh Jane Horgan-Jones (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. Naoise Ó Muirí (Fine Gael)
An Comh. Damian O'Farrell (Neamhspleách)
An Comh. Catherine Stocker (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)

### Domhnach Míde

An Comh. Daryl Barron (Fianna Fáil)
An Comh. Tom Brabazon (Fianna Fáil)
An Comh. Terence Flanagan (Fine Gael)
An Comh. Lawrence Hemmings (an Comhaontas Glas)
An Comh. Mícheál Mac Donncha (Sinn Féin)

### Ard Aidhin – an Halla Bán

An Comh. Racheal Batten (Fianna Fáil)
An Comh. Declan Flanagan (Fine Gael)
An Comh. Alison Gilliland (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. John Lyons (Neamhspleách)
An Comh. Larry O'Toole (Sinn Féin)
An Comh. Patricia Roe (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)



## AN LÁRCHEANTAR

### An Chabrach – Glas Naíon

An Comh. Mary Fitzpatrick (Fianna Fáil)
An Comh. Gary Gannon (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)
An Comh. Neasa Hourigan (an Comhaontas Glas)
An Comh. Séamas McGrattan (Sinn Féin)
An Comh. Colm O'Rourke (Fine Gael)
An Comh. Cieran Perry (Neamhspleách)
An Comh. Marie Sherlock (Páirtí an Lucht Oibre)

### Lár na Cathrach Thuaidh

An Comh. Janice Boylan (Sinn Féin)
An Comh. Christy Burke (Neamhspleách)
An Comh. Joe Costello (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. Anthony Flynn (Neamhspleách)
An Comh. Janet Horner (an Comhaontas Glas)
An Comh. Ray McAdam (Fine Gael)
An Comh. Nial Ring (Neamhspleách)

## CEANTAR AN LÁRDHEISCIRT

### Baile Formaid – Droimeanach

An Comh. Hazel de Nortúin (an Comhaontas Pobal seachas Brabús)
An Comh. Daithí de Róiste (Fianna Fáil)
An Comh. Daithí Doolan (Sinn Féin)
An Comh. Vincent Jackson (Neamhspleách)
An Comh. Sophie Nicoullaud (an Comhaontas Glas)

### Lár na Cathrach Thiar Theas

An Comh. Tina MacVeigh (an Comhaontas Pobal seachas Brabús)
An Comh. Rebecca Moynihan (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. Críona Ní Dhálaigh (Sinn Féin)
An Comh. Michael Pidgeon (an Comhaontas Glas)
An Comh. Michael Watters (Fianna Fáil)

## CEANTAR AN OIRDHEISCIRT

### Camaigh – Ráth Maonais

An Comh. Deirdre Conroy (Fianna Fáil)
An Comh. Patrick Costello (an Comhaontas Glas)
An Comh. Tara Deacy (an Páirtí Sóisialta Daonlathach)
An Comh. Pat Dunne (I4C)
An Comh. Anne Feeney (Fine Gael)
An Comh. Mary Freehill (Páirtí an Lucht Oibre)

### Pembroke

An Comh. Hazel Chu (an Comhaontas Glas)
An Comh. James Geoghegan (Fine Gael)
An Comh. Dermot Lacey (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. Paddy McCartan (Fine Gael)
An Comh. Claire O'Connor (Fianna Fáil)

### Lár na Cathrach Thoir Theas

An Comh. Chris Andrews (Sinn Féin)
An Comh. Claire Byrne (an Comhaontas Glas)
An Comh. Danny Byrne (Fine Gael)
An Comh. Kevin Donoghue (Páirtí an Lucht Oibre)
An Comh. Mannix Flynn (Neamhspleách)






# CONAS A FORBRAÍODH AN PLEAN SEO

Rinne an Grúpa Beartais Chorparáidigh an próiseas inar forbraíodh an plean seo a mhaoirsiú agus a threorú agus bhain rannpháirtíocht agus comhairliúchán fairsing leis taobh istigh agus taobh amuigh den eagraíocht leis, an méid seo a leanas ina measc:uigh den eagraíocht leis, an méid seo a leanas ina measc:

- Cruinniú faisnéise míosúil a thionól don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh
- Cruinnithe faisnéise a thionól do na Coistí Beartais Straitéisigh agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Cuireadh ceithre cheardlann ar siúl, ina raibh baint ag 115 duine, chun spriocanna agus cuspóirí beartais a shainaithint le baill thofa, an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann ó limistéir ar fud na heagraíochta
- Suirbhé ar an bhfoireann – 670 freagairt chríochnaithe
- Suirbhé ar Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghlór agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (an LRP) – 802 freagairt faighte ón bpobal i gcoitinne agus 76 freagairt faighte ó bhaill den LRP
- Rinneadh 30 plean agus beartas reachtúil agus corparáideach a mhapáil lena thaispeáint limistéir ina bhfuil rannchuidiú ard, measartha agus íseal le baint amach na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna)

# PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL 2016 – 2021

A chinntiú go mbraitheann gach cónaitheoir agus cuairteoir, gan aird ar chúlra sóisialta nó cultúrtha, braistint úinéireachta agus rannpháirtíochta leis an gCathair, go mbraitheann siad sábháilte ina bpobail agus go bhfuil fáilte rompu chun páirt iomlán a ghlacadh i mbeatha phobail, shóisialta, chultúrtha, ghnó agus pholaitiúil na Cathrach.

Oibriú i gcomhar le pobail chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht agus míbhuntáiste a chomhrac, agus rannpháirtíocht, cumasú agus athrú dearfach sóisialta a chur chun cinn.

Tacú le soláthar leordhóthanach réimse de thithíocht tionachta measctha, inacmhainne, inoiriúnaithe agus de spásanna oibre atá oiriúnach don fheidhm i gcomharsanachtaí atá measctha agus inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha de.

Bonneagar a chur i bhfeidhm a dhéanann Baile Átha Cliath a shuíomh mar thimpeallacht shábháilte inbhuanaithe, bheoga, éagsúil agus mhealltach le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistiú ann trí phleanáil a dhéanamh agus soláthar a dhéanamh d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta atá cothrom agus inbhuanaithe, a fhreastalaíonn ar dhaonra atá i mbun fáis.

Réimse conláistí, gníomhaíochtaí agus saoráidí poiblí, sábháilte agus inacmhainne atá ábhartha agus inrochtana do dhaoine ar gach aois agus ar gach cumas agus a chuireann le sláinte agus folláine gach duine.

Deiseanna agus tacaíocht a uasmhéadú chun gur féidir leis na tionscail chruthaitheacha agus d'earnálacha cultúrtha agus ealaíonta dul i mbun forbartha.  An Ghaeilge agus teacht ar eispéiris chultúrtha a chur chun cinn do gach duine trí chláir éagsúla chultúrtha ealaíonta a sholáthar.

Na hearnálacha borrtha a shainaithint agus tacú leo, ar nós an mhéid seo a leanas: an turasóireacht, an slabhra bia, an t-oideachas, miondíol agus gnó glas a chruthóidh, a chothóidh agus a fhásfaidh deiseanna fostaíochta agus féinfhostaíochta do gach duine.

Teacht a chur chun cinn ar réimse deiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha ag tosú sa luath-óige, agus óna n-eascraíonn cultúr foghlama ar feadh an tsaoil agus an lucht saothair atá cáilithe agus oilte go cuí.

An t-éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta, fiontar sóisialta, micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga i ngeilleagar na cathrach.

Tacú le forbairt leanúnach córas ardchaighdeáin, inacmhainne agus inrochtana gluaiseachta laistigh den Chathair a thugann tús áite do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí ardchaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais chomharsanachtaí áitiúla agus gheilleagar na Cathrach agus sláinte agus folláine gach duine.

Dul i ngleic le cúiseanna agus iarmhairtí na géarchéime drugaí agus mí-úsáid substaintí a laghdú go mór ar fud na Cathrach trí ghníomhartha ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise.

An t-aitheantas a fheabhsú a thugtar ar Bhaile Átha Cliath mar réigiún cathrach a bhfuil ceangal domhanda leis agus mar an gineadóir  náisiúnta geilleagrach.

# STRAITÉISÍ ÁITIÚLA, RÉIGIÚNACHA AGUS NÁISIÚNTA ÁBHARTHA

## STRAITÉISÍ ÁITIÚLA

- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2022
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021
- Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2019 – 2024
- Plean Gníomhaíochta um Thorann Timpeallachta Bhaile Átha Cliath Nollaig 2018 – Iúil 2023
- Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2015 – 2020
- Athbhreithniú Tréimhsiúil ar Thearmann Bithsféir Oileán an Bhulla UNESCO (Meán Fómhair 2014)
- Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2019 – 2022
- Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2020
- Croí Bhaile Átha Cliath. Máistirphlean Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach 2016 – 2034
- Straitéis Tithíochta Chathair / Clár Tithíochta Bhaile Átha Cliath 2018 – 2021
- Creat an Phlean Gnó do Dhaoine gan Dídean do Bhaile Átha Cliath 2019 – 2021
- Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2017 – 2022
- Forbairt Gheilleagrach a Chur chun Cinn i gCathair Bhaile Átha Cliath 2018 – 2021
- Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath: Dánlann Hugh Lane. Straitéis Cúig Bliana 2018 – 2023
- Leabharlanna Neamhtheoranta. Treo Straitéiseach do Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha 2019 – 2023
- Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022
- Straitéis Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath 2017 – 2020
- Straitéis Ionchuimsithe 2016 – 2020
- Straitéis Aoisbhá Chathair Bhaile Átha Cliath 2014 – 2019
- Cairt Aoisbhá

## STRAITÉISÍ RÉIGIÚNACHA AGUS NÁISIÚNTA

- An Creat Oiriúnaithe Náisiúnta
- An Plean Náisiúnta Maolaithe
- An Plean Náisiúnta Aeráide
- An Straitéis Spásúlachta agus Gheilleagrach Réigiúnach
- Tionscadal Éireann 2040 (an Creat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Forbartha Náisiúnta)
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035
- Plean um Chur i bhFeidhm Náisiúnta Tús Áite do Thithíocht 2018 – 2021
- Éire a Atógáil
- Ár Seirbhíse Phoiblí 2020
- Straitéis Sonraí na hEarnála Poiblí 2019 – 2023
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí
- An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Oibríonn an Chomhairle Cathrach go gcónaí i dtimpeallacht dheinimiciúil ag freagairt d'athruithe beartais rialtais, reachtaíochta, feidhme agus struchtúrtha

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

2024